



European Monitoring Centre
for Drugs and Drug Addiction

TREOIR ECDC AGUS EMCDDA

Cosc agus rialú um ghalair thógálacha i measc daoine a insteallann drugaí

Achoimre

Ó theacht chun cinn na heipidéime VEID i measc daoine a insteallann drugaí i lár na 1980í, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an-chuid tíortha Eorpacha i ndáil le bearta bunaithe ar fhianaise a chur chun feidhme d'fhonn galair thógálacha a chosc agus a rialú i measc daoine a insteallann drugaí. Sna 1990í, thosaigh tíortha an AE ag forbairt comhbheartas um chosc sna réimsí VEID/SEIF agus i réimse na ndrugaí agus andúil i ndrugaí araon. Le fiche bliain anuas, fairsingíodh agus feabhsaíodh idirghabhálacha um chosc agus chóireáil. De réir tuarascálacha don bhliain 2009, fuair os cionn leath de dhaonra measta na n-úsáideoirí óipiám le fadhb acu ina leith chóireáil ionadaíoch, agus tá cláir snáthaide agus steallaire bunaithe ag an-chuid tíortha le méadú ag teacht ar an gcumhdach. Léiríonn sonraí ó thíortha le córais faireachais seanbhunaithe go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar líon na gcásanna nua d'ionfhabhtuithe VEID i measc daoine a insteallann drugaí i bhformhór tíortha, ach ní i ngach tír, de chuid an AE le deich mbliana anuas.

I gcomharsanacht na hEorpa, is toisc shuntasach leochaileachta fós í úsáid drugaí insteallaithe i ndáil le galair fhuil-iompartha agus galair thógálacha eile a tholgadh, lena n-áirítear VEID, heipitíteas B agus C, eitinn, ionfhabhtuithe baictéaraacha craicinn agus fhíocháin bhoig agus ionfhabhtuithe córasacha. Tugtar le fios ó mheastacháin ar an líon daoine a úsáideann drugaí trí instealladh go bhfuil daonraí suntasacha i ngach tír Eorpach i mbaol na n-ionfhabhtuithe sin. Gan aghaidh a thabhairt orthu, de dheasca na n-ionfhabhtuithe seo cuirfear ualach suntasach ar chórais sláinte na hEorpa, méadóidh an fhulaingt aonair agus ardóidh costais chóireála.

Léiríodh cheana féin go bhféadfadh éifeacht láidir a bheith ag cur chuige coiscitheach pragmatach um shláinte phoiblí i ndáil le laghdú an leata um ionfhabhtuithe fuil-iompartha agus ionfhabhtuithe eile i measc daoine a insteallann drugaí, a laghdú. Tá cosc féideartha agus éifeachtach, má chuirtear chun feidhme mar is cuí é.

Seacht bpríomh-idirghabhálacha molta

Aithnítear sa chomhthreoir fhianaise-bhunaithe seo de chuid an ECDC agus an EMCDDA dea-chleachtas um chosc agus rialú galair thógálacha i measc daoine a insteallann drugaí.

Bunaithe ar an bhfianaise is láidre atá ar fáil, ar thuairimí saineolaíocha agus ar an dea-chleachtas laistigh den AE/LEE, ba cheart na comhábhair idirghabhála seo a leanas a chur chun feidhme agus, más féidir, i dteannta a chéile chun an éifeacht choisc is mó a bhaint amach:

Príomh-chomhchodanna idirghabhála

Trealamh insteallaithe: Soláthar um, agus rochtain ar, threalamh glan insteallaithe drugaí, lena n-áirítear soláthar leordhóthanach steallairí agus snáthaidí steiriúla saor in aisce, mar chuid de chur chuige comhcheangailte il-chomhábhair, curtha chun feidhme trí mheán clár laghdaithe dochair, comhairleachta agus cóireála.

Vacsainí: Vacsainí i ndáil le heipitéas A agus B, teiteanas, flú, agus go háirithe i gcás daoine VEID-dearfach, vacsain níumacocúil.

Cóireáil um spleáchas ar dhruaí: Cóireáil ionadaíochta ópóideach agus cineálacha éifeacha eile cóireála um spleáchas ar dhruaí.

Tástáil: Ba cheart tástáil deonach agus neamhdheonach le toiliú eolasach um ionfhabhtuithe VEID, HCV (HBV i gcás neamh-vacsainithe) agus ionfhabhtuithe eile lena n-áirítear Eitinn, a thairiscint go rialta agus a nascadh le tarchur chun cóireála.

Cóireáil ghalair thógálach: Cóireáil frith-víreasach bunaithe ar tháscairí cliniciúla dóibh siúd atá ionfhabhtaithe le VEID, HBV nó HCV. Cóireáil frith-eitinne le haghaidh cásanna gníomhacha Eitinne. Ba cheart breathnú ar theirpe Eitinne phróifíolacsach le haghaidh cásanna folaigh Eitinne. Ba cheart cóireáil le haghaidh galair ionfhabhtaithe eile a thairiscint de réir mar a léirítear go cliniciúil.

Cur chun cinn na sláinte: Cur chun cinn na sláinte dírithe ar iompar insteallaithe níos sábhailte, sláinte ghnéis, lena n-áirítear úsáid choiscíní; agus cosc, tástáil agus cóireáil ghalair.

Seachadadh seirbhísí spriocdhírithé: Ba cheart seirbhísí a chomhcheangal agus a eagrú agus a sheachadadh de réir riachtanais úsáideora agus riochtaí áitiúla, áirítear leis seo soláthar seirbhísí trí mheán socrúithe for-rochtana agus suimh sheasta ag tairiscint cóireáil drugaí, laghdú dochair, comhairleacht agus tástáil, agus tarchur chuig seirbhísí ginearálta um shláinte phríomha agus seirbhísí míochaine speisialaithe.

Bain amach sineirge: comhcheangail príomh-idirghabhálacha

Tá fianaise ann, ó staidéir a rinneadh le déanaí agus ón taithí ar chlár rathúla um chosc, maidir leis an luach breise a ghabhann le raon bearta éifeachtacha idirghabhála a tháirgeadh sna láithreacha céanna, agus maidir le comh-idirghabhálacha a soláthar de réir riachtanais na gcliant, chun an éifeacht is mó a bhaint amach i ndáil le hionfhabhtuithe a chosc.

Sprioclucht léite

Tá sé mar aidhm ag an treoir seo tacú le lucht déanta beartais san Eoraip chun freagairtí sláinte poiblí atá leordhóthanach, bunaithe ar fhianaise, pragmatach agus deartha go stuama a phleanáil i ndáil le cosc agus rialú ionfhabhtuithe i measc daoine a insteallann drugaí. Tá sí dírithe ar phleanáil na gclár um shláinte poiblí agus ar an lucht déanta cinntí ag obair i réimsí na ngalar tógálach, na sláinte poiblí i gcoitinne, na handúile agus an chúraim sláinte mheabhraigh, na seirbhísí sóisialta agus an rialaithe drugaí ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnacha.

Tá an treoir comhleanúnach agus tacaíonn sí le beartais reatha an AE i réimse an rialaithe drugaí agus na ngalar tógálach agus is aidhm di forbhreathnú cuimsitheach a chur ar fáil faoin bhfaisnéis reatha is fearr sa réimse, ag cur leis an obair a rinneadh roimhe seo i ndáil le comhcheangal de príomh-idirghabhálacha a chiuimsiú. Anuas air sin téann sí i muintinn na bpríomhluachanna a fhaightear ó phrionsabail shláinte poiblí agus chearta daonna, ar cheart dóibh a bheith ina dtreoir do chosc agus do sholáthar seirbhíse.

Treoir um shláinte poiblí fianaise-bhunaithe

Rinneadh athbhreithniú agus measúnú ar thorthaí taighde ábhartha don treoir ag baint leasa as phrionsabail míochaine fianaise-bhunaithe ar glacadh leo laistigh de chreat um shláinte poiblí. D'fhonn an treoir a tháirgeadh rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar ardleibhéal fianaise eolaíoch agus comhcheanglaíodh na torthaí sin le faisnéis agus comhairle shaineolaíoch ar thairbhí agus ar dhíobhálacha. Tá dea-chleachtas mar aon le roghanna úsáideora tar éis cur le forbairt na bpríomh-idirghabhálacha molta sa doiciméad seo.

Comhordú náisiúnta

Ceann de na réamhriachtanais a ghabhann le seachadadh éifeachtach na bpríomh-idirghabhálacha is ea comhar náisiúnta agus áitiúil, agus comhordú idir earnálacha. Tá forbairt chomhdhearcaidh náisiúnta agus cuspóirí a bhfuil meas frithpháirteach orthu ríthábhachtach i ndáil le cur chun feidhme rathúil na n-idirghabhálacha. Ba cheart do ghníomhaithe ar fud gach earnáil teacht ar chomhaontú i ndáil le cuspóirí, go háirithe iad sin a bhíonn i dteagmháil le daoine a úsáideann drugaí trí instealladh.

Oiriúnú bearta don staid náisiúnta

Chun a chinntiú go rachaidh idirghabhálacha chun tairbhe an daonra a insteallann drugaí, mar aon le galair thógálacha a chosc agus a rialú, ní mór go mbeadh faireachas leordhóthanach ar úsáid fhadhbach drugaí agus ar ionfhabhtuithe ar leibhéal náisiúnta agus fo-náisiúnta. Ba cheart bearta monatóireacht agus measúnú leanúnach a dhéanamh ar bhearta a nglactar de láimh i dtéarmaí freagartha, tionchair, ábharthachta agus scála an chumhdaigh. Tá infheistíocht i gcórais faireachais leordhóthanacha um úsáid drugaí agus ghalair thógálacha araon riachtanach agus costéifeachtach.

Tugann fianaise le tuiscint go bhfuil leibhéil níos airde cumhdaigh um chláir snáthaide agus steallaire agus um chóireáil ionadaíochta ópóideach in aghaidh an insteallaire drugaí trí níos éifeachtaí ná leibhéil níos ísle cumhdaigh. An spríoc ar cheart a bheith ann ná a chinntiú go bhfreastalaíonn na seirbhísí a dtairgtear ar riachtanais agus éilimh áitiúla. Is léiriú ar neamhéifeachtúlacht i gcosc iad éileamh neamhchomhlionta um sheirbhísí malartaithe snáthaide agus steallaire nó agai feithimh i ndáil le cóireáil drugaí.